# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige





Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

28 Eanáir 2021

Cois Fharraige – fóram um pleanáil teanga

### MAOINIÚ D'FHÉILTE

Tá an dara glaoch ar **Scéim na bhFéilte** de chuid Fhoras na Gaeilge fógartha. Tá deis ag grúpaí áitiúla forbairt a dhéanamh ar fhéilte ealaíon nó ar ghnéithe d'fhéilte atá á reáchtáil agus á chur i bhfeidhm trí Ghaeilge nó a bhfuil na healaíona Gaeilge mar chuid lárnach díobh idir 1 Meitheamh agus 31 Nollaig 2021. Ní mór d'aidhmeanna na féile bheith dírithe ar an nGaeilge, ar na healaíona Gaeilge, ar na healaíona dúchasacha agus ar oidhreacht na Gaeilge a chur chun cinn trí Ghaeilge nó go dátheangach. Maireann an scéim ar feadh bliana agus €5,000 uasmhéid an deontais atá ar fáil. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an suíomh idirlín, ag: www.forasnagaeilge.ie/sceimeanna-maoinithe/

Foras na Gaeilge

### SIAMSAÍOCHT AR LÍNE TEANGA TÍ

Tá neart siamsaíochta ar líne á reáchtáil ag **Teanga Tí** do theaghlaigh le linn na dianghlasála. Chuile Dhéardaoin @ 18:30 beidh deis spraoi ann don teaghlach uilig, ag tosú ar an 4 Feabhra. Beidh duaiseanna le buachan chomh maith! Is féidir áit a chur in áirithe ach teagmháil a dhéanamh le cabrini@glornangael.ie agus tá breis eolais le fáil ar líne ag www.glornangael.ie




### FOLÚNTAIS AG TEARMANN ÉANNA

Tá poist pháirt-aimseartha agus lán-aimseartha á dtairiscint mar chúramóirí baile i **dTearmann Éanna** sa Tulach. Tá na huaireanta solúbtha agus tá ráta pá iomaíoch ann. Beidh traenáil agus tacaíocht leanúnach ar fáil dóibh siúd a n-éireoidh leo. Tá sé riachtanach go mbeidh cáilíochtaí FETAC Leibhéal 5 i gCúram Baile nó a bheith ag baint na gcáilíochtaí sin amach mar aon le ceadúnas tiomána glan agus ard chaighdeán Gaeilge a bheith ag iarrathóirí ar na poist. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar an suíomh idirlín ag www.tearmann eanna.ie nó is féidir teagmháil a dhéanamh le 091 505 540 nó ag tacaiochtb@gmail.com le níos mó eolais a fháil. Go n-éirí go geal libh.


Tearmann Éanna CTR

### CEOLTÓIRÍ ÓGA CHOIS FHARRAIGE

Tá **Ceoltóirí Óga Chois Fharraige** sa tóir ar cheoltóirí nua. Más rud é go bhfuil do chuid gasúir ag foghlaim ceoil thraidisiúnta, agus má tá cónaí oraibh i gCois Fharraige, beidh míle fáilte romhaibh ag an seisiún do thosaitheoirí ar an Domhnach 31 Eanáir @ 12i.n. Ar an gcóras *Zoom* a bheidh an seisiún seo agus é dírithe ar thosaitheoirí bunscoile. Le spéis a léiriú, scríobh teachtaireacht ríomhphoist chuig ceoltoirioga choisfharraige@gmail.com agus seolfar an nasc chugat.

### SCOIL MERRIMAN 2021

Beidh **Scoil Gheimhridh Merriman 2021** ar siúl ar líne ó 29-31 Eanáir. Oidhreacht Cholm Cille téama na bliana seo, bliain ina bhfuiltear ag comóradh 1,500 bliain ó rugadh an naomh cáiliúil. Tá dúthracht ar leith do Cholm Cille i gCois Fharraige, áit a bhfuil scoileanna ainmnithe ina omós agus go mbíonn patrún ann ina onóir ar a lá féile ar an 9 Meitheamh. Pléifidh Lillis Ó Laoire agus Máirín Ní Dhonnchadha Colm Cille sa stair agus sa mbéaloideas ar an Aoine ag 7.30 agus beidh cainteanna, seoladh leabhair, turas fíorúil agus léamh a filíochta agus próis ar bun as sin go Domhnach. Beidh na himeachtaí saor in aisce agus ní gá clárú roimh ré. Gach eolas le fáil ag www.merriman.ie nó teagmáil a dhéanamh le eolas@merriman.ie nó cumann merriman@gmail.com




### COMÓRTAS CHOMHAR NAÍONRAÍ NA GAELTACHTA

Tá comórtas fógartha ag **Comhar Naíonraí na Gaeltachta** ina bhfuil beart leabhar, ábhar ceardaíochta agus spraoi don teaghlach uilig le buachan! Le d'ainm a chur chun cinn níl le déanamh ach '*like*' a thabhairt don leathanach FB: Comhar Naíonraí na Gaeltachta, tagairt a dhéanamh do chara faoin bpictiúr agus an phostáil a roinnt! Roghnófar na buaiteoirí ar an Aoine 5 Feabhra.

## RANGANNA GAEILGE DO THUISMITHEOIRÍ

Tá ranganna Gaeilge do thuismitheoirí á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige, ach tá cúnamh uainn! Tá suirbhé réitithe againn le heolas a chruinniú maidir le riachtanais thuismitheoirí an cheantair ó thaobh ranganna Gaeilge de, an t-am is feiliúnaí len' iad a reáchtáil go háirid. Ar líne a bheidh na ranganna seo faoi láthair. Is féidir an suirbhé a fháil ach teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig optchoisfharraige @gmail.com nó déan teagmháil linn ag 083 010 6294.

## SIAMSÁN NA NÓG

Tá Siamsán na nÓg: Sa mBaile á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** faoi láthair agus tá gníomhaíocht an-deas i gceist ar an Satharn 30 Eanáir @ 12. Beidh Croiseanna Bhríde á ndéanamh ag an deireadh seachtaine faoi threoir Aindriú Uí Chearbhaill. Níl aon chostas i gceist ach caithfear clárú roimh ré le páirt a ghlacadh sa gceardlann. Is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig eilin@tuismitheoiri.ie



## VAICSÍN IN ÁRAS CHOIS FHARRAIGE

Bhí foireann vacsaíne Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte in **Áras Chois Fharraige** le deireanaí. Tugadh an chéad chuid den vacsaín do 78 duine ar fad, idir baill foirne agus cónaitheoirí. Ní bheidh maolú ar na srianta maidir le cuairt a thabhairt ar dhaoine sa teach altranais go ceann trí seachtaine eile go dtí go ndáilfear an dara chuid den vacsaín ar chuile dhuine san Áras.



## COSÁN AN SPIDÉIL CRÍOCHNAITHE!

Dea-scéala do mhuintir an Spidéil go bhfuil an chuid dheireanach den chosán cois cósta críochnaithe! Tá 1.5km de chosán leanúnach siúlóide ar fáil ag an bpobal anois, áis iontach go háirid agus béim láidir ar aclaíocht faoi láthair agus muid ag dul i ngleic le srianta na paindéime. Tugadh ardmholadh don chonraitheoir áitiúil Máirtín Tim Ó Flaithearta a rinne obair den scoth ar an gcosán, chomh maith le húinéirí na talún, an t-innealtóir áitiúil, oibrithe an Chomhairle Chontae agus Comhlacht



Forbartha an Spidéil a thosaigh ar an bhfeachtas sa mbliain 1996.

## ROS NA RÚN: 25 BLIAIN AR AN BHFÓD

Tá **Ros na Rún** ag ceiliúradh 25 bliain ar an bhfód i mbliana. Mar chuid den cheiliúradh, tá sraith físeáin á fhoilsiú acu i gcomhair le **Molscéal** ina bhfeictear aisteoirí an chláir ag dul siar ar bhóithríní na smaointe. Pléitear na radharcanna is fearr a rinne siad, an chaoi ar thosaigh siad ag aisteoireacht ar an gclár agus an tionchar a bhí ag Ros na Rún ar a saol, le sean radharc nó dhó san áireamh freisin! Foilsíodh físeán ó Josie Ó Cualáin nó Micheál Seoighe agus ó Mháire Eilís Ní Fhátharta, nó Caitríona Ní Loideáin, ar líne go dtí seo agus tá neart eile le teacht! Is féidir na físeáin a fheiceáil ar




leathanach Facebook: Ros na Rún agus Molscéal.

**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!**

## TECHFÉILE 2021

Beidh**TechFéile** ar siúl ar an 19 Feabhra i 2021. Ócáid fhíorúil a bheidh ann. Chomh maith le cúrsaí teicneolaíochta, eolaíochta agus na meáin chruthaitheacha, leagtar béim an-láidir ar ról lárnach na ndaoine óga sa bhféile i mbliana. Tá **TechSpace** ag súil go mór le cloisteáil ón aos óg le páirt a ghlacadh ann. Má tá suim agat ann, is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an suíomh idirlín ag www.techspace.ie nó is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig info@techspace.ie má tá ceist ar bith agat.

